# Feidhmchláir Teagaisc agus Foghlama

## Acmhainní Teanga

| Feidhmchlár | Cur Síos | Féidearthachtaí |
|---|---|---|
| **Focloir.ie**<br>[https://www.focloir.ie/](https://www.focloir.ie/) | Foclóir. Brí an fhocail á léiriú i gcomhthéacs. Foirmeacha éagsúla de bhriathra, aidiachtaí agus ainmfhocail. Canúintí. | Acmhainn teanga a úsáid<br>Feasacht teanga<br>Saibhreas agus stór focal a fhorbairt |
| **Teanglann.ie**<br>[https://www.teanglann.ie/ga/](https://www.teanglann.ie/ga/) | Foclóir. Focail in abairtí i gcomhthéacs. Foirmeacha éagsúla de bhriathra, aidiachtaí agus ainmfhocail. Canúintí. Cruinneas foghraíochta. | Acmhainn teanga a úsáid<br>Feasacht teanga<br>Cruinneas agus stór focal a fhorbairt |
| **Seinnteoir TG4**<br>[https://www.tg4.ie/ga/](https://www.tg4.ie/ga/) | Tá cláracha reatha sna canúintí éagsúla agus cláracha a craoladh le déanaí ar fáil ar Seinnteoir TG4. | Comhtháthú (Scileanna Teanga)<br>Téacsanna Dílse<br>Feasacht Teanga<br>Nasc leis an bPobal Teanga<br>Litríocht Áitiúil/Bhéil<br>Beochultúr na Gaeilge |
| **An Seinnteoir Raidió** | Is féidir éisteacht le stáisiúin raidió uile na Gaeilge leis an bhfeidhmchlár seo. | Éisteacht<br>Téacsanna Dílse<br>Feasacht Teanga<br>Nasc leis an bPobal Teanga<br>Litríocht Áitiúil/Bhéil<br>Beochultúr na Gaeilge |

## Ceistneoirí / Tráthanna na gCeist

| Feidhmchlár | Cur Síos | Féidearthachtaí |
|---|---|---|
| **Kahoot**<br>[https://kahoot.com/](https://kahoot.com/) | Is féidir ceisteanna ilrogha a chur ar an rang ar fad. An duine is tapúla leis na freagraí cearta a bhuann an Kahoot. | Measúnú foirmitheach<br>Aiseolas láithreach<br>Plé/díospóireacht<br>Taitneamh agus iomaíocht |
| **Quizlet**<br>[https://quizlet.com/](https://quizlet.com/) | Le Quizlet, is féidir léaráidí a chruthú agus a úsáid mar ábhar staidéir nó measúnaithe. | Measúnú foirmitheach<br>Féinriar |

## Clár Bán idirghníomhach / Físghabhálacha Scáileáin / Scéalaíocht / Aiseolas Taifeadta

| Feidhmchlár | Cur Síos | Féidearthachtaí |
|---|---|---|
| **Explain Everything**<br>[https://explaineverything.com/](https://explaineverything.com/) | Clár bán idirghníomhach. Físghabhálacha scáileáin. Is féidir nótaí tráchta gutha a chur le físeán le pointe a mhíniú. | Físghabhálacha scáileáin<br>Comhtháthú na scileanna teanga<br>Féinmheasúnú<br>Piarmheasúnú<br>Meithealú agus Comhoibriú<br>Scileanna digiteacha<br>Aiseolas<br>Eagarthóireacht<br>Téacsanna ilmhódacha |


An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

## Seomraí Ranga ar Líne / Punanna / Meithealú

| Feidhmchlár | Cur Síos | Féidearthachtaí |
|---|---|---|
| **Edmodo**<br>https://new.edmodo.com/ | Ardán don fhoghlaim ar líne. Is féidir ábhar a roinnt, vótaí a chaitheamh, comhoibriú agus is féidir leis an scoláire cnuasach oibre a chur le chéile. | Seomra ranga fíorúil<br>Féinriar na scoláirí<br>Tacú le cúrsaí eagrúcháin<br>Bainistiú oibre<br>Ríomhphunanna<br>Comhtháthú na scileanna teanga<br>Measúnú |
| **Showbie**<br>https://www.showbie.com/ | Ardán don fhoghlaim ar líne. Is féidir ábhar a roinnt, vótaí a chaitheamh, comhoibriú agus is féidir leis an scoláire cnuasach oibre a chur le chéile. | Seomra ranga fíorúil<br>Féinriar na scoláirí<br>Tacú le cúrsaí eagrúcháin<br>Bainistiú oibre<br>Ríomhphunanna<br>Comhtháthú na scileanna teanga<br>Measúnú |
| **Google Classroom** | Ardán don fhoghlaim ar líne. Is féidir ábhar a roinnt, vótaí a chaitheamh, comhoibriú agus is féidir leis an scoláire cnuasach oibre a chur le chéile. | Seomra ranga fíorúil<br>Féinriar na scoláirí<br>Tacú le cúrsaí eagrúcháin<br>Bainistiú oibre<br>Ríomhphunanna<br>Measúnú |

## Idirghníomhú Cainte

| Feidhmchlár | Cur Síos | Féidearthachtaí |
|---|---|---|
| **Skype**<br>https://www.skype.com/ | Úsáidtear Skype chun scairteanna fuaime agus/nó físe a chur. | Idirghníomhú Cainte<br>Comhtháthú na scileanna<br>Úsáid na teicneolaíochta |

## Bainistiú Ranga / Aiseolas / Measúnú

| Feidhmchlár | Cur Síos | Féidearthachtaí |
|---|---|---|
| **Additio**<br>https://www.additioapp.com/en/ | Dialann mhúinteora; tinreamh, iompar, measúnú srl. | Tacú le cúrsaí eagrúcháin<br>Taifead |
| **TeacherKit**<br>https://www.teacherkit.net/ | Dialann mhúinteora; cúrsaí tinrimh, iompair, measúnaithe srl. | Tacú le cúrsaí eagrúcháin<br>Taifead |
| **Student Callout**<br>https://www.teacherkit.net/student-callout2/ | Gabhann an aip seo le TeacherKit thuas. Is féidir leis an múinteoir duine sa rang-ghrúpa a roghnú go randamach. | Measúnú foirmitheach<br>Roghnú randamach<br>Ceistiúchán |
| **Decide Now**<br>https://decidenow-app.com/ | Roth na cinniúna atá i gceist le Decide Now. Is féidir leis an múinteoir/scoláire ceist/ráiteas agus freagraí/féidearthachtaí a chruthú agus an roth a chur ag casadh go dtí go stadann sé ar rogha amháin. | Roghnú randamach<br>Ceistiúchán |
| **Doceri**<br>https://doceri.com/ | Scáileáin idirghníomhacha atá i gceist le Doceri a ligeann don mhúinteoir an obair atá ar bun a thaispeáint beo leis an osteilgeoir agus a thaifead le roinnt leo. | Tacú le cúrsaí eagrúcháin<br>Taifead seomra ranga fíorúil<br>Féinriar na scoláirí |

## Scríbhneoireacht / Eagarthóireacht

| Feidhmchlár | Cur Síos | Féidearthachtaí |
|---|---|---|
| **Evernote**<br>https://evernote.com/ | Is féidir Evernote a úsáid chun nótaí a choimeád agus a eagrú agus tarraingt ar théacsanna éagsúla chun téacsanna ilmhódacha a chruthú. | Eagarthóireacht<br>Ríomhphunann<br>Aiseolas<br>Féinmheasúnú<br>Piarmheasúnú |
| **OneNote** | Is féidir OneNote a úsáid chun nótaí a choimeád agus a eagrú agus tarraingt ar théacsanna éagsúla chun téacsanna ilmhódacha a chruthú. | Eagarthóireacht<br>Ríomhphunann<br>Aiseolas<br>Féinmheasúnú<br>Piarmheasúnú |
| **Pages**<br>https://www.apple.com/pages/ | Próiseáil focal agus dearadh. | Scríbhneoireacht<br>Eagarthóireacht |

## Físeáin / Taifead

| Feidhmchlár | Cur Síos | Féidearthachtaí |
|---|---|---|
| **iMovie**<br>[https://www.apple.com/imovie/](https://www.apple.com/imovie/) | Is féidir iMovie a úsáid chun físeán a chur le chéile as an nua le maisíochtaí éagsúla. | Labhairt<br>Idirghníomhú Cainte<br>Scríbhneoireacht<br>Úsáid na teicneolaíochta |
| **Tellagami**<br>[https://tellagami.com/](https://tellagami.com/) | Is féidir Tellagami a úsáid chun físeán simplí a chruthú. Thig leis an scoláire an carachtar agus cúlra a athrú. | Labhairt<br>Idirghníomhú Cainte<br>Scríbhneoireacht<br>Úsáid na teicneolaíochta |

## Cur i Láthair

| Feidhmchlár | Cur Síos | Féidearthachtaí |
|---|---|---|
| **Keynote**<br>[https://www.apple.com/keynote/](https://www.apple.com/keynote/) | Is féidir Keynote a úsáid le cur i láthair digiteach a chruthú. | Comhtháthú (léamh, scríbhneoireacht, idirghníomhú cainte, labhairt, éisteacht)<br>Tuiscint ar an gcineál cumarsáide, ócáid agus an spriocghrúpa<br>Scileanna ríomhaireachta<br>Eagarthóireacht<br>Téacsanna ilmhódacha |